# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 16

## Tailte Éireann

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas sin, d’ullmhaigh mé an cuntas i gceangal leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 le haghaidh thuarastail agus chostais Tailte Éireann, lena n-áirítear mionseirbhísí áirithe.

Cuirtear olltoradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2024, lena n-áirítear an méid a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair caiteachais don bhliain.

Dlitear barrachas €7.461 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh I bhfeidhm na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin amach i gciorclán 20 de 2024, cuireadh agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeáin Chuntasaíochta de chuid an Rialtais Láir (CGAS) a tugadh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

***Dímheas sócmhainní caipitil***

Déantar díluacháil maoine, gléasra agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú de réir CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Seo a leanas na saolréanna úsáideacha agus na rátaí díluachála/amúchta gaolmhara do phríomhaicmí sócmhainní caipitil.

| *Aicme sócmhainne* | *Saolré fhóinteach* | *Ráta dímheasa /amúchta* |
|---|---|---|
| Feithiclí agus trealamh | 5 bliana | 20% |
| Trealamh oifige agus TF | 5 bliana | 20% |
| Troscán agus feistis | 5 bliana | 10% |
| Ceadúnais Bogearraí | Téarma ceadúnais 2-10 mbliana | 50% - 10% |
| Bogearraí faighte/fhorbartha | 4- 8 mbliana | 25% - 12.5% |

## Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Táilte Éireann.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Oifigeach Cuntasaíochta.

Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a choinneáil agus coimeádtar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí roinnte***

Chuir an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhíse comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bhainistíochta seirbhíse idir Tailte Éireann agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte le haghaidh AD agus párolla.

Bhraith mé ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte gur cuireadh na rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte do Tailte Éireann.

Ina theannta sin, tá mé ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí airgeadais roinnte do Tailte Éireann. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe leibhéal seirbhíse idir Tailte Éireann agus an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce maidir le seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach iomchuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach a chomhlíonadh.
- Rinneadh doiciméadú ar nósanna imeachta le haghaidh príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus.

- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Oibríonn córas bainistíochta riosca laistigh de Tailte Éireann.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Éilimh ar chúiteamh***

Feidhmíonn Tailte Éireann córas clárúcháin teidil a thugann ráthaíocht Stáit don sealbhóir teidil. Tá ceangal ar an Stát aon duine dá mbainfidh caillteanas mar gheall ar bheith ag brath ar an gClár Náisiúnta Talún, a shlánú. Ina ghnáthchúrsa gnó, faigheann Tailte Éireann éilimh ar chúiteamh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 1964. D'fhéadfadh éilimh teacht chun cinn mar gheall ar earráid, brionnú nó calaois maidir le clárú teidil. Tá achoimre ar íocaíochtaí a rinneadh faoi Alt 120 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 1964 leagtha amach i nóta 6.1 a ghabhann leis na cuntais.

Tá creat frithchalaoise i bhfeidhm, arb é is aidhm dó nochtadh agus caillteanais ó chalaois i gcoinne na gclár a íoslaghdú. Treoraíonn an creat seo cur i bhfeidhm straitéise chun sláine na gclár a chothabháil, cearta maoine cláraithe a chosaint agus acmhainní poiblí a chosaint.

***An Coiste Iniúchta agus Iniúchta Inmheánaigh***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Tailte Éireann le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig nochta dóibh faisnéis ar fáil don obair iniúchóireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomh-rialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Cinntíonn Tailte Éireann go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á dhámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú. €21.7 milliún san iomlán a bhí sa chaiteachas ar earraí, ar sheirbhísí gairmiúla agus ar sheirbhísí eile ar conradh in 2024.

Tá sonraí curtha ar fáil ag Tailte Éireann maidir le 21 chonradh neamhiomaíocha de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon Tailte Éireann na treoirlínte cé is moite de 9 gconradh os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) ar luach iomlán €800,875 (gan CBL san áireamh) mar atá leagtha amach thíos.

- Leathnaíodh conradh amháin a bhaineann le TFC dar luach €276,319 chun leanúnachas riachtanach na tacaíochta do phríomhchóras oibriúcháin a chinntiú. Ní bheidh aon chaiteachas breise ar an gconradh seo in 2025.
- Leathnaíodh dhá chonradh a bhaineann le TFC dar luach comhcheangailte €160,746 chun príomhthacaíocht a fháil i gcur chun feidhme tionscadal. Cuireadh deireadh le ceann de na conarthaí seo in 2024 agus tá deireadh á chur leis an dara ceann de réir a chéile go luath in 2025.
- Cuireadh síneadh le conradh amháin chun seirbhísí a sholáthar, dar luach €56,541 go dtí go raibh an Ghníomhaireacht Rialtais ábhartha tar éis na seirbhísí sin a

ghlacadh ar láimh. Críochnaíodh é seo go luath in 2024 agus cuireadh deireadh leis an gconradh ansin.

- Leathnaíodh dhá chonradh chun seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar, dar luach comhcheangailte €86,587 go dtí go gcuirfí comhchonradh teileachumarsáide i bhfeidhm do Tailte Éireann ar fad. Táthar ag súil go mbeidh sé seo i bhfeidhm i Ráithe 2 2025.
- Bronnadh conradh amháin ar luach foriomlán €76,553 chun sainoiliúint bainistíochta tionscadail a sholáthar.
- Bronnadh dhá chonradh dar luach comhcheangailte €144,129 chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha slándála TFC.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Tailte Éireann a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh Tailte agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar d’fhoireann ar leith a mhaolú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2024 nach mór a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Liam O’Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Tailte Éireann

4 Meán Fómhair 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 16 Tailte Éireann
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 16 Tailte Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 16 Tailte Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Tailte Éireann agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh leibhéal mór neamhchomhlíontachta le rialacha náisiúnta soláthair i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2024.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

10 Meán Fómhair 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 16 Táilte Éireann

## Cuntas Leithreasa 2024

| | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas ar chláir** | | | |
| A Soláthar seirbhísí mapála, clárúcháin maoine agus luachála laistigh den Stát | 87,167 | 79,289 | 77,068 |
| **Ollchaiteachas** | **87,167** | **79,289** | **77,068** |
| *Bain as* | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,530** | **1,592** | **1,688** |
| **Glanchaiteachas** | **85,637** | **77,697** | **75,380** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a sholáthraítear le hais na glansuime faoi dhliteanas géillte don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar na leithreasaí uile nó cuid de na leithreasaí le haghaidh seirbhísí caipitiúla nár caitheadh a thabhairt anonn le haghaidh caiteachais na bliana dár gcionn (féach ar an nóta 6.4).

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 7,939,797 | 9,314,406 |
| Géilleadh iarchurtha | (479,000) | — |
| **Barrachas le géilleadh** | **7,460,797** | **9,314,406** |

**Liam O'Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Tailte Éireann

4 Meán Fómhair 2025

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 1,693 | 3,096 |
| Pá | | 56,853 | 51,654 |
| Neamhphá | | 20,743 | 22,318 |
| **Ollchaiteachas** | | **79,289** | **77,068** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,592** | 1,688 |
| **Glanchaiteachas** | | **77,697** | **75,380** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, Fearas agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (595) | | |
| Dímheas | 1,029 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (2,508) | | |
| Amúchadh | 4,039 | | |
| | | 1,965 | (4,239) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhardail | (4) | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (62) | | |
| Laghdú ar ioncam iarchurtha | (126) | | |
| Méadú ar chostais fhabhraithe | 2,721 | | |
| | | 2,529 | (4,463) |
| **Caiteachas díreach** | | **82,191** | **66,678** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraítear in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 26,129 | 22,365 |
| Cíosanna barúlacha | | 2,279 | 2,279 |
| **Glanchostas cláir** | | **110,559** | **91,322** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara ná na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 16 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor | 23,741 | 19,591 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,200 | 2,577 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 89 | 71 |
| Vóta 24 | Ceartas | 94 | 99 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 5 | 27 |
| | | **26,129** | **22,365** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, fearas , gléasra agus trealamh | 2.1 | 1,797 | 2,231 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 12,242 | 13,773 |
| | | **14,039** | **16,004** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 3,739 | 3,512 |
| Fardail | 2.4 | 174 | 170 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 5,228 | 5,166 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 374 | 135 |
| | | **9,515** | **8,983** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | 2.7 | 3,411 | 690 |
| Ioncam iarchurtha | | 57 | 183 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 3,568 | 3,474 |
| Glan-mhaoiniú Státchiste | 2.9 | 545 | 173 |
| | | **7,581** | **4,520** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **1,934** | **4,463** |
| **Glansócmhainní** | | **15,973** | **20,467** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.10 | **15,973** | **20,467** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

| | Feithiclí agus trealamh | Trealamh Oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil [a]** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 684 | 18,753 | 6,170 | 25,607 |
| Breiseanna | 258 | 337 | — | 595 |
| Diúscairtí [b] | (43) | (194) | (1,914) | (2,151) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 899 | 18,896 | 4,256 | 24,051 |
| | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 476 | 17,083 | 5,817 | 23,376 |
| Dímheas don bhliain | 82 | 847 | 100 | 1,029 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (43) | (194) | (1,914) | (2,151) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 515 | 17,736 | 4,003 | 22,254 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **384** | **1,160** | **253** | **1,797** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 208 | 1,670 | 353 | 2,231 |

Nóta a Áirítear le costas nó luacháil roinnt sócmhainní a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

b Rinneadh athbhreithniú ar na sócmhainní uile in 2024, tar éis chumasc OSI, PRA agus VO in 2023. Shainaithin sé seo sócmhainní troscáin agus feistis atá dímheasta go hiomlán agus atá imithe i léig de €1.9 milliún le baint den chlár sócmhainní. Ceannaíodh €1.6 milliún de na sócmhainní sin roimh 2006.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a fhorbairt | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 51,107 | 9,344 | 60,451 |
| Breiseanna | 2,508 | — | 2,508 |
| Aistriú | 9,344 | (9,344) | — |
| Diúscairtí | (54) | — | (54) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 62,905 | — | 62,905 |
| | | | |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 46,678 | — | 46,678 |
| Amúchadh | 4,039 | — | 4,039 |
| Diúscairtí | (54) | — | (54) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 50,663 | — | 50,663 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **12,242** | **—** | **12,242** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 4,429 | 9,344 | 13,773 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid PMG | 633 | 1,504 |
| Iarmhéideanna bainc tráchtála agus airgid tirim | 3,106 | 2,008 |
| | **3,739** | **3,512** |

Nóta [a] Is ionann iarmhéideanna na gcuntas bainc tráchtála agus €1.667 milliún a bhí dlite don Státchiste an 31 Nollaig 2024 i leith táillí clárúcháin a bailíodh agus €1.438 milliún i gcuntas Danske Bank a úsáidtear le haghaidh tuarastail agus íocaíochtaí pinsin. Níl san áireamh iarmhéideanna neamh-Státchiste de €7.376 milliún atá á sealbhú ag an mBanc Ceannais (2023: €6.74 milliún) agus €69,229 atá á sealbhú ag Danske Bank (2023: €243,784) i leith airgid chun scéim cíosa talún a cheannacht.

## 2.4 Fardail

| ag 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stoic léarscáileanna le hathdhíol | **174** | **170** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| ag 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tacaíocht Bogearraí | 4,091 | 4,057 |
| Córas luachála | 1,050 | 1,088 |
| Riarachán | 87 | 21 |
| | **5,228** | **5,166** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas pas taistil in-aisíoctha | 54 | 58 |
| HRMS inghnóthaithe | 187 | — |
| Míreanna fionraí dochair eile | 133 | 77 |
| | **374** | **135** |

## 2.7 Costais fabhraithe

| ag 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais fuinnimh | 80 | 190 |
| Seirbhísí TF agus tacaíocht | 245 | 127 |
| Costais riaracháin | 428 | 310 |
| Costais dlí | 49 | 63 |
| Fabhrú párolla (nóta 2.13) | 1,841 | — |
| Fabhrú saoire (nóta 2.13) | 768 | — |
| | **3,411** | **690** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 883 | 807 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 542 | 493 |
| Cáin iarchoimeádta seirbhísí gairmiúla | 108 | 415 |
| Cáin bhreisluacha | 290 | 464 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 44 | 32 |
| Fáltais Státchiste agus eile iníoctha | 1,511 | 1,102 |
| | 3,378 | 3,313 |
| Riarachán Párolla | 190 | 161 |
| | **3,568** | **3,474** |

## 2.9 Glanchistiúcháin Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 7,461 | 9,314 |
| Géilleadh iarchurtha | 479 | — |
| Aistrithe nuair a bunaíodh Vóta 16 ón ÚCM agus VO | 636 | 636 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (8,031) | (9,777) |
| **Glan-mhaoiniú Státchiste** | **545** | **173** |
| **Ionadaíocht ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 3,739 | 3,512 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 374 | 135 |
| | 4,113 | 3,647 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Mar gheall ar an Stát | 3,378 | 3,313 |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | 190 | 161 |
| | 3,568 | 3,474 |
| | **545** | **173** |

## 2.10 An cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 20,467 | — |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 85,637 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (479) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (7,461) | | |
| Glanvóta | | | 77,697 | 75,380 |
| Caiteachas a iompraítear in áiteanna eile | 1.1 | | 26,129 | 24,644 |
| Earraí neamhairgid: Cíos barúlach | 1 | | 2,279 | 11,765 |
| Glanchostas cláir | | | (110,559) | (91,322) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **15,973** | **20,467** |

## 2.11 Ceangaltais

| **Ceanglais fhoriomlána** ag 31 Nollaig | **2024** €000 | **2023** €000 |
|---|---|---|
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 707 | 597 |
| Tionscadail chaipitil | 596 | 1,304 |
| | **1,303** | **1,901** |

**b) Mórthionscadail chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023 | Caiteachas in 2024 | Gealltanais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach an tionscadail 2024 | Caiteachas iomlán ionchasach an tionscadail 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Tionscadal Axia [a] | 9,274 | 2,334 | — | **11,608** | **10,578** |

Nóta [a] Rinneadh feabhsuithe breise ar an gcóras a chaipitliú in 2024.

## 2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá Tailte Éireann páirteach I roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon mhéid nó uainiú iarbhír dliteanais ionchasacha éiginnte.

## 2.13 Tionchar na n-athruithe ar an mbeartas cuntasaíochta in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta nua de chuid an rialtais láir (CGAS) chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar chomhardú cistiúcháin an Stáit.

| | **2024** |
|---|---|
| | **€000** |
| Fabhrú párolla [a] | (1,841) |
| Fabhrú saoire [a] | (768) |
| | **(2,609)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos curtha san áireamh I gClár A chun costais iomlána an chláir a chur I láthair.

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 62,249 | 56,853 | 51,654 |
| ii | Taisteal agus cothú | 680 | 673 | 595 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | 350 | 347 | 326 |
| iv | Seirbhísí Oibríochta, Soláthairtí agus Trealamh Éagsúil | 3,550 | 4,012 | 3,671 |
| v | Infheistíocht Chaipitil Dhigitigh agus Costais TF | 15,926 | 14,176 | 16,137 |
| vi | Costais áitribh | 2,150 | 1,247 | 1,471 |
| vii | Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde | 300 | 288 | 118 |
| | | **85,205** | **77,596** | **73,972** |

Nóta Laghdaíodh na fo-cheannteidil riaracháin neamhphá ó sheacht gcinn go cúig cinn in 2024 mar chuid den phróiseas chun na fo-cheannteidil riaracháin a nuachóiriú ar fud na gcuntas a vótáladh. Athaicmíodh figiúirí comparáideacha 2023 chun an struchtúr nua a léiriú

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach sa nóta seo na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

**vi Costais áitribh**

*Meastachán ar sholáthar €2.150 milliún; olltoradh €1.247 milliún*

Is é is cúis leis an tearc-chaiteachas €903,000 ar speansais áitribh coigilteas sa bhuiséad cothabhála oifige go dtí go n-aistreofar chuig ceanncheathrú chorparáideach nua agus costais fuinnimh níos ísle ná mar a buiséadaíodh in 2024.

## Clár A Soláthar seirbhísí suirbhéireachta, clárúcháin maoine agus luachála laistigh den Stát

| | | Soláthar meastacháin | 2024 Olltoradh | 2023 Olltoradh |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A. 1 | Riarachán – pá | 62,249 | 56,853 | 51,654 |
| A. 2 | Riarachán − neamhphá | 22,956 | 20,743 | 22,318 |
| A. 3 | Luacháil | — | — | 1,370 |
| A. 4 | Suirbhéireacht | 1,422 | 1,382 | 1,108 |
| A. 5 | Cartlanna um chlárúchán réadmhaoine agus digitithe | 40 | 7 | 85 |
| A. 6 | Costais chúitimh agus táillí dlí eile | 500 | 304 | 533 |
| | | **87,167** | **79,289** | **77,068** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

**A.6 Costais Cúitimh agus táillí dlí eile**

*Soláthar meastacháin €500,000; olltoradh €304,000*

Braitheann an t-olltoradh ar an bhfo-cheannteideal seo ar líon na n-éileamh ar chúiteamh a socraíodh le linn na tréimhse.

## Nóta 4 Admhálacha

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 1,510 | 1,592 | 1,492 |
| 2 | Admhálacha luachála | — | — | 126 |
| 3 | Fáltais ilghnéitheacha | 20 | — | 70 |
| | | **1,530** | **1,592** | **1,688** |

### 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir | 799 | 453 |
| Aistriú iarmhéid an Státchiste ar chumasc an OSI | 147 | 3,706 |
| Táillí Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas a fuarthas | 74,817 | 75,055 |
| Táillí mapála agus luachála a fuarthas | 9,402 | 12,396 |
| Díbhinn a fuarthas (féach nóta 6.3) | 1,666 | — |
| Táillí cíosa talún a fuarthas | 63 | 50 |
| Arna íoc leis an Státchiste [a] | (85,383) | (90,861) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **1,511** | **799** |

Nóta [a] Cuirtear na táillí go léir a bhailítear ar aghaidh chuig an Státchiste. Ag deireadh mhí na Nollag 2024, bhí 109,476 iarratas ar chlárú idir lámha (2023: 116,755 iarratas). Íocadh leis an Státchiste na táillí a bhaineann leis an obair sin atá idir lámha, a mheastar a bheith cothrom le €42 mhilliún (2023: €45 milliún) . Cosnaítear cearta dlíthiúla ón dáta a thaisctear iarratas, seachas ón dáta a dhéantar an clárú a chomhlánú.

Úsáideann custaiméirí tairseach ar líne www.landdirect.ie chun iarratais a chur isteach agus cuardaigh a dhéanamh. Déanann custaiméirí airgead a thaisceadh chuig a gcuntais dhíreacha talún roimh ré. Bhí iarmhéideanna creidmheasa de €2,025,445 ar chuntais dhíreacha talún ag deireadh 2024 (€1,867,787 in 2023).

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | **941** | **898** |

## 5.2 Pá

| **Luach saothair fhoireann Tailte Éireann** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 50,159 | 46,014 |
| Liúntais ard-dualgas le haghaidh dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 85 | 91 |
| Liúntais eile | 180 | 163 |
| Ragobair | 1,724 | 1,260 |
| ÁSPC an fhostóra | 4,705 | 4,126 |
| **Pá iomlán** | **56,853** | **51,654** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí € 10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2024** | **2023** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise | 19 | 1 | 29,881 | 14,592 |
| Ragobair | 252 | 69 | 26,062 | 24,854 |
| Liúntais eile | 43 | — | 9,336 | 6,369 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 12 | 2 | 11,924 | 23,507 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Rinneadh 10 státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €15,435. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Sheirbhís Phoiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 5.5 Bandaí pá fhostaithe  Thailte Éireann

Tugtar anseo thíos líon fhostaithe na Roinne a raibh a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan Áspc an fhostóra, costas pinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,000 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Chuig** | **2024** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 571 | 580 |
| 60,000 | 69,999 | 145 | 150 |
| 70,000 | 79,999 | 74 | 96 |
| 80,000 | 89,999 | 46 | 58 |
| 90,000 | 99,999 | 39 | 30 |
| 100,000 | 109,999 | 11 | — |
| 110,000 | 119,999 | 8 | 30 |
| 120,000 | 129,999 | 9 | 3 |
| 130,000 | 139,999 | 1 | 1 |
| 140,000 | 149,999 | — | 3 |
| 150,000 | 159,999 | — | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 1 | 1 |
| 170,000 | 179,999 | 2 | — |
| 180,000 | 189,999 | 1 | — |
| 200,000 | 209,999 | 1 | — |

## 5.6 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinithe an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Liam O'Sullivan (ceaptha 10 Iúil 2023) | 207 | 90 |
| Elizabeth Pope (Oifigeach Cuntasaíochta Eatramhach 1 Márta-10 Iúil 2023) | — | 62 |
| | **207** | **152** |

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall den Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair agus ní théann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime. Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse áirithe thuas.

### 5.7 Ró-íocaíochtaí párolla [a]

| ag 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2024 € | 2023 € |
|---|---:|---:|---:|
| Ró-íocaíochtaí | 189 | 303,344 | 272,125 |
| Pleananna téarnaimh i bhfeidhm | 57 | 163,155 | 98,091 |

Nóta [a] Tá ceisteanna ardaithe ag Tailte Éireann le NSSO maidir le hiarmhéideanna earráideacha gan íoc. Ríomhadh an figiúr tuairiscithe le haghaidh 2024 faoi threoir an iarmhéid deiridh bliana a tuairiscíodh in 2023, móide na Ró-íocaíochtaí Iomlána a thuairiscigh NSSO, lúide méid na n-aisíocaíochtaí a thuairiscigh NSSO

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn/Oifig sa bhliain**

| | Éiligh ag | | | Iomlán | Iomlán |
|---|---:|---:|---:|---:|---:|
| | Fostaithe | S.120 agus éilimh ghaolmhara | Éilimh Eile | 2024 | 2023 |
| Líon na gcásanna | — | 9 | 27 | 36 | 26 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí Tailte Éireann | — | — | 31 | 31 | 25 |
| Íocaíochtaí ag/thar ceann na Roinne/na hOifige | | | | | |
| Cúiteamh | — | 29 | — | 29 | 541 |
| Costais dlí | — | 10 | 72 | 82 | — |
| Costais eile | — | — | — | — | — |
| **Iomlán 2024** | **—** | **39** | **103** | **142** | **566** |
| 2023 Iomlán | 18 | 385 | 163 | 566 | |

**Costais charnacha cásanna a críochnaíodh in 2024**

| | Éiligh ag | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **Fostaithe** | **S.120 agus éilimh ghaolmhara** | **Éilimh Eile** | |
| Líon na gcásanna | — | 9 | 25 | 34 |
| | **€000** | **€000** | | **€000** |
| Costais dlí Tailte Éireann | — | — | 31 | 31 |
| Íocaíochtaí ag/thar ceann na Roinne/na hOifige | | | | |
| Cúiteamh | — | 29 | —- | 29 |
| Costais dlí | — | 10 | 65 | 75 |
| Costais eile | — | — | — | — |
| **Iomlán** | **—** | **39** | **96** | **135** |

## 6.2 Calaois agus calaois amhrasta

De réir na reachtaíochta um Chlárú Teidil, i gcás ina dtarlaíonn caillteanas mar thoradh ar chalaois, cibé áit a n-eascraíonn sé, d'fhéadfadh éileamh cúitimh a bheith mar thoradh air. Leanann Tailte Éireann ar aghaidh ag bainistiú líon an-bheag cásanna d'iarratais chalaoiseacha amhrasta ar chlárú.

## 6.3 Leas i GeoDirectory An Post

Tá 49 scair ag Tailte Éireann in An Post GeoDirectory DAC ag €1.25 an scair, infheistíocht iomlán €61. Corpraíodh An Post GeoDirectory DAC in Éirinn i 1995. Tá leas mionlaigh (49%) de bhrabús An Post GeoDirectory DAC tar éis cánachais inchurtha i leith an Stáit.

Tá na díbhinní go léir atá iníoctha ó GeoEolaire DAC An Post iníoctha go díreach leis an Státchiste agus ní choinnítear iad ag Táilte Éireann. In 2024, fuair Tailte Éireann díbhinn €1.666 milliún agus cuireadh ar aghaidh go díreach chuig an Státchiste í.

## 6.4 Géilleadh Iarchurtha

Is éard atá i gceist le tabhairt suas iarchurtha coigilteas €479,000 in A.2 (v) Infheistíocht Chaipitil Dhigitigh agus Costais TF.